COMHAD FÍRICÍ:
FOGHLAIM DON TSAOL AGUS DON OBAIR GCSE
Cad is ciall le Sochaí Shibhialta?

Rewarding Learning

Cineálacha Leithcheala

Comhad Fíricí ar Chineálacha Leithcheala

Leithcheal mar gheall ar...	Sainmhíniú
Inscne	Caitear go dona le daoine áirithe mar gheall ar a n-inscne. Cé go ndéantar leithcheal ar mhná níos minice ná ar fhir ar bhonn inscne, déantar leithcheal ar fhir fosta. Faigheann cuid de na mná atá ag obair in earnáil na tionsclaíochta pá níos ísle ná mar a fhaigheann fir atá i mbun na hoibre céanna, nó cosúil léi.
Cine	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe ó chine difriúil nó ó mhionlach eitneach eile. Is minic a chuirtear i leith daoine ó mhionlaigh eitneacha go bhfuil siad 'ag goid ár gcuid post agus ár gcuid dtithe' ach, i ndáiríre, uaireanta tá siad ag tabhairt faoi na jabanna nach bhfuil ag teastáil ó dhaoine i dTuaisceart Éireann.
Gnéas-chlaonadh	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe mar gheall ar a ngnéasacht – heitrighnéasach/homaighnéasach/déghnéasach. Mar shampla – b'fhéidir nár ligeadh dóibh fostaíocht a fháil, tithíocht a fháil, seirbhísí a fháil mar gheall ar a ngnéasacht. Tá sé tábhachtach go dtugann muid breithiúnas ar dhaoine de réir cén cineál daoine iad seachas a ngnéasacht.
Míchumas	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe má tá míchumas orthu. Thiocfadh le míchumas fisiciúil nó meabhrach bheith i gceist. Ní mór do rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar gach foirgneamh poiblí agus gnólacht i dTuaisceart Éireann.
Aois	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe mar gheall ar aois. Is minic a cheanglaíonn muid an cineál seo leithcheala le daoine aosta agus le déagóirí. Mar sin féin, thiocfadh le leithcheal ar bhonn aoise bheith déanta ort, is cuma cén aois thú. Cuir i gcás go bhfuil tú 25 bliain d'aois agus cuireann do shaoiste in iúl duit nach bhfuil aon seans agat ardú céime a fháil mar tá tú ró-óg.
Creidimh	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe mar go leanann siad reiligiún difriúil. I dTuaisceart Éireann is minic a cheanglaíonn muid leithcheal ar bhonn creidimh le Caitlicigh agus Protastúnaigh amháin; ach cad é faoi Mhoslamaigh, Giúdaigh agus daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach difriúil acu a ndéantar leithcheal orthu?
Tuairimí polaitiúla	Is féidir leithcheal tarlú do dhaoine áirithe mar gheall ar na tuairimí polaitiúla difriúla atá acu. Fadhb thromchúiseach a bhí ann san am atá thart. (Thig leat seo a phlé le do mhúinteoir.)

Dlíthe in aghaidh Leithcheala i dTuaisceart Éireann

Dlí	Mionsonraí
An tAcht um Phá Comhionann (Tuaisceart Éireann) 1970 (arna leasú 1984)	Baineann le fir agus le mná. Tá tú i dteideal pá comhionann le duine eile atá i mbun na hoibre céanna, nó obair cosúil léi, in éineacht leat san ionad oibre. Tá tú i dteideal na coinníollacha céanna ar nós pá breoiteachta, laethanta saoire agus bónais.
An tOrdú um Leithcheal ar Bhonn Gnéis (Tuaisceart Éireann) 1976 (arna leasú 1988)	Ní féidir leat leithcheal a dhéanamh ar dhuine ar bhonn inscne (fir nó mná) mar a leanas: • Fostaíocht; • Oiliúint; • Soláthar earraí; • Soláthar saoráidí; • Soláthar seirbhísí.
An tOrdú um Chaidreamh idir Ciníocha (Tuaisceart Éireann) 1997	Ní féidir leat leithcheal a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar: • a dhath craicinn; • a chine; • a bhunadh eitneach; • a bunadh náisiúnta. Baineann sé seo le sainchúram ar bith in earnáil na fostaíochta; tithíochta; sláinte, srl.
An tOrdú um Fhostaíocht agus um Dhéileáil Chothrom (Tuaisceart Éireann) 1998	Ní féidir leat leithcheal a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar: • a chreidimh; • a thuairimí polaitiúla. Ní féidir leat leithcheal a dhéanamh ar dhaoine mar gheall ar: • an chreideamh a mheastar atá acu; • an tuairim polaitiúil a mheastar atá acu.
An tAcht in aghaidh Leithcheala 1995	Ní féidir leat leithcheal a dhéanamh ar dhuine má bhíonn sé faoi mhíchumas maidir le gach cuid dá shaol, m.sh: • tithíocht; • fostaíocht; • rochtain ar sheirbhísí. Tá dualgas ar gach uile gnólacht á chinntiú go bhfuil rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar a gcuid áitreabh agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas nuair atá siad taobh istigh den áitreabh.
An tAcht um Thuaisceart Éireann 1998	Tá mír san Acht seo – Alt 75 – a chosnaíonn ár gcearta comhionanna agus a chinntíonn go bhfuil gníomhaireachtaí rialtais tiomanta do chomhionannas idir na daoine seo a leanas: • fir agus mná; • daoine ar lánchumas agus daoine faoi mhíchumas; • daoine ó chúlraí éagsúla mar gheall ar: chreideamh, thuairimí polaitiúla, chine, aois, ghnéasacht, stádas pósta; • daoine le cleithiúnaithe nó gan iad.

© CCEA 2019